**Miontuairiscí ó Chruinniú Boird**
**Leabharlann Náisiúnta na hÉireann**

**Déardaoin, an 23 Feabhra 2023 ar 11:00**

**Cruinniú Hibrideach: An Seomra Boird,**
**Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, 4 Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, D02 A322 agus an córas físchomhdhála**

| | |
|---|---|
| **An Bord** | **I láthair:**<br>Eoin McVey, Cathaoirleach<br>An tOll. Ciarán Ó hÓgartaigh, Leaschathaoirleach<br>An Dr Marie Bourke<br>An tOll. Maeve Conrick<br>Lisa Grimm<br>Lorelei Harris (1-13; córas físchomhdhála)<br>An Dr. Conor Kostick (córas físchomhdhála)<br>An tOll. Kalpana Shankar<br>Caitriona Sharkey (4-9.3: córas físchomhdhála)<br><br>**Leithscéalta:**<br>John Grenham<br>Jennifer Taaffe |
| **An Fhoireann** | **I láthair:**<br>An Dr. Audrey Whitty, Stiúrthóir (1-14)<br>Kathleen Ruane, Ceannasaí Airgeadais-CRO agus Stiúrthóir Gníomhach ón 13 Eanáir-6 Feabhra 2023 (1-14)<br>Orla Sweeney, Rúnaí an Bhoird (1-14)<br>Liz Coffey, Ceannasaí Cumarsáide agus Forbartha (8-9.1)<br>Brian O'Donnell, Ceannasaí Eastát (9.4.1-9.4.4)<br>Katy Lumsden, Ceannasaí Gníomhach Acmhainní Daonna (10.2) |
| Nóta: Bhí gach comhalta Boird i láthair ó thús deireadh an chruinnithe, mura luaitear a mhalairt. Cuireann (1-14) in iúl nach raibh comhalta Boird nó ball foirne i láthair ar feadh thréimhse iomlán an chruinnithe, ach go raibh sé/sí i láthair le haghaidh míreanna áirithe sna miontuairiscí. | |

1. **Réamhrá: An Dr Audrey Whitty, Stiúrthóir**

   Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh an Dr Audrey Whitty, a thosaigh ina ról mar Stiúrthóir ar Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ar an 7 Feabhra 2023. Thug an Cathaoirleach dá aire gur cuireadh an Stiúrthóir in aithne do chomhaltaí an Bhoird de réir mar a tháinig siad isteach sa chruinniú i bpearsa agus tríd an gcóras físchomhdhála.

   **Cuireadh an Bord in aithne don Stiúrthóir, an Dr Audrey Whitty.**

2. **Leasanna agus ceisteanna nóis imeachta**

   Dhearbhaigh an Cathaoirleach go raibh an cruinniú le córam. Mar fhreagra ar iarraidh ón gCathaoirleach, níor fhógair duine ar bith den Bhord aon choinbhleacht leasa.

   **Bhí an cruinniú Boird le córam. Níor fhógair an Bord aon choinbhleacht leasa.**

   Tabhair do d’aire: Scaipeadh páipéir uile an Bhoird roimh an gcruinniú Boird, mura luaitear a mhalairt, agus glactar leis gur léadh iad. Rinneadh cur i láthair ag an gcruinniú faoi Mhír 8 agus scaipeadh ar chomhaltaí an Bhoird é i ndiaidh an chruinnithe.

3. **Dréacht-mhiontuairiscí an chruinnithe Boird dar dáta an 1 Nollaig 2022, agus a bhfoilsiú**

   **D’fhaomh an Bord na dréacht-mhiontuairiscí (agus aon leasú amháin le déanamh orthu ina dhiaidh sin) ón gcruinniú Boird ar an 1 Nollaig 2022, chomh maith le foilsiú na miontuairiscí faofa sin agus folú déanta orthu, de réir mar is cuí.**

   Thug an Rúnaí dá haire agus na miontuairiscí faofa á n-ullmhú lena bhfoilsiú go raibh iontráil dhúblach ar an liosta de na comhaltaí Boird a bhí i láthair ag an gcruinniú, agus leasaigh sí na miontuairiscí faofa dá réir.

4. **Nithe ag éirí as**

Thug an Stiúrthóir breac-chuntas ar an bpáipéar ábhartha Boird. Mhol an Bord an cur i láthair a scaipeadh ar chomhaltaí Boird ar an 20 Feabhra 2023 maidir le buanchoimeád agus caomhnú lámhscríbhinní araltacha (bhí an dáta cúrsaíochta mícheart (17 Feabhra 2023) luaite ar an tábla gníomhaíochta).

**Thug an Bord na nithe ag éirí as ar an tábla gníomhaíochta dá n-aire.**
**Thug an Bord dá n-aire freisin gur thug an Bord cead trí ríomhphost do NLI ar an 19 Eanáir 2023 conradh a dhéanamh le Eneclann Ltd. chun cartlannú agus catalógú a dhéanamh ar pháipéir Chonradh na Gaeilge agus ar bhailiúcháin ghaolmhara faoi Bheart 1: Cruthú Meiteashonraí, Dearbhú Cáilíochta agus Feabhsú de Chreat-chomhaontú Seirbhísí Bainistíochta Bhailiúcháin NLI 2022-2026** [redacted].

5. **Tuarascáil Feidhmiúcháin**

Thug an Ceannasaí Airgeadais-CRO, Kathleen Ruane, breac-chuntas ar an bpáipéar ábhartha Boird agus d'fhreagair sí ceisteanna ón mBord faoi staitisticí a bhaineann le Taispeántais, Foghlaim agus Clár-eagrú a thaifeadadh agus a thuairisciú.

Chuir an Cathaoirleach in iúl go raibh sé buíoch do Choimeádaí na mBailiúchán Speisialta agus dá foireann as na sealbhúcháin a fuair siad don bhailiúchán le déanaí a chur ar taispeáint don Bhord ag an gcruinniú.

Luaigh an Cathaoirleach, thar ceann an Bhoird, go raibh sé fíorbhuíoch don Cheannasaí Airgeadais-CRO as ról an Stiúrthóra Ghníomhaigh a chomhlíonadh agus as an méid oibre a rinne sí chun freastal ar éilimh an dá phost.

**Thug an Bord an Tuarascáil Feidhmiúcháin dá n-aire.**

## 6. Coistí an Bhoird

### 6.1 An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca: Tuairisc an 10 Eanáir 2023; Miontuairiscí an 16 Samhain 2022; Téarmaí Tagartha

Thug Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca breac-chuntas ar a thuairisc ar chruinniú an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) ar an 10 Feabhra 2023.

Chuir Cathaoirleach an Choiste in iúl don Bhord go raibh cur i bhfeidhm na moltaí a d'eascair as an Tuarascáil ar an Iniúchadh Inmheánach ar Acmhainní Daonna agus Bainistíocht Daoine ag brath ar cheapachán an Cheannasaí Acmhainní Daonna.

Chuir an Cathaoirleach in iúl don Bhord gur éirigh an Ceannasaí Acmhainní Daonna (AD) as oifig i mí Dheireadh Fómhair 2022; ceapadh ball foirne ón rannóg AD mar Cheannasaí Gníomhach AD; cuireadh siar na hagallaimh chun Ceannasaí AD a cheapadh go dtí go gceapfar Stiúrthóir; agus reáchtálfar na hagallaimh anois ar an 27 Feabhra 2023. Chuir an Cathaoirleach a bhuíochas don chomhalta Boird Conor Kostick in iúl as suí ar an bpainéal agallaimh chun Ceannasaí AD a cheapadh.

Phléigh an Bord próiseas na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (RTCEGSM) maidir le poist a aislíonadh agus tionchar an phróisis sin ar an bhfoireann agus ar an eagraíocht.

Tar éis moladh a fháil ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, thug an Cathaoirleach le fios go rachaidh an Stiúrthóir i dteagmháil leis an gComhairle um Fhorais Chultúir Náisiúnta d'fhonn moladh a dhéanamh go comhoibríoch go bhfeabhsóidh an RTCEGSM an próiseas aislíonta post, mar shampla, tríd an bpróiseas a chuirtear i bhfeidhm chuige sin in institiúidí oideachais tríú leibhéal a leanúint.

D'fhreagair an Ceannasaí Airgeadais-CRO ceist ón mBord maidir le scóip an Iniúchóireachta Inmheánaí ar TFC agus béim ar leith á cur ar an gCibearshlándáil.

Thug an Cathaoirleach dá aire moladh an CIR go ndéanfadh an Bord breithniú cuimsitheach ar (i) Acmhainní Daonna agus Bainistiocht Daoine agus (ii) Cláir Riosca na dTionscadal Forbartha Corparáidí agus Caipitil ag cruinniú Boird amach anseo. Thug Cathaoirleach an Choiste dá aire go mb'fhéidir gur mhaith leis an mBord an chéad ábhar a bhreithniú nuair a bheidh Ceannasaí AD ceaptha sa phost agus é/í tar éis tuairisc a thabhairt don CIR maidir leis na moltaí a d'eascair as an Tuarascáil ar an Iniúchadh Inmheánach a chur i bhfeidhm.

**Luaigh an Bord tuairisc Chathaoirleach an Choiste maidir le cruinniú an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) ar an 10 Samhain 2023; na miontuairiscí faofa ó chruinniú an CIR ar an 16 Meán Fómhair 2022; agus athbhreithniú an CIR ar théarmaí tagartha an Choiste.**

**6.2 An Coiste um Ghinealas agus Araltas**

Agus Cathaoirleach an Choiste um Ghinealas agus Araltas as láthair, chuir Cathaoirleach an Bhoird in iúl don Choiste nach raibh aon chruinniú beartaithe ag an gCoiste idir an cruinniú deiridh den Bhoird agus an cruinniú seo den Bhord, agus go raibh sé beartaithe an chéad chruinniú eile den Choiste a reáchtáil go luath.

**Thug an Bord an fhaisnéisiú ó bhéal maidir leis an gCoiste um Ghinealas agus Araltas dá n-aire.**

**6.3 An Coiste Comhairleach Léitheoirí**

Thug Cathaoirleach an Choiste Comhairleach Léitheoirí le fios gur cuireadh an cruinniú Coiste a bhí le reáchtáil ar an 14 Feabhra 2023 ar athló, toisc gur ábhar nóis imeachta den chuid is mó a bhí ar an gclár oibre.

Chuir Cathaoirleach an Choiste in iúl don Bhord freisin go bhfuil sé beartaithe go dtiocfaidh í féin agus an Stiúrthóir le chéile ar an 20 Márta 2023 chun plé a dhéanamh ar an dá thionscadal ar mhaith leis an gCoiste Comhairleach Léitheoirí tús áite a thabhairt dóibh le linn a théarma: (i) aonad soghluaiste ilfheidhmeach de chuid NLI; agus (ii) inneall cuardaigh comhtháite ar fud na leabharlainne a chur i bhfeidhm in Éirinn.

**Thug an Bord tuairisc ó bhéal Chathaoirleach an Choiste maidir leis an gCoiste Comhairleach Léitheoirí dá n-aire.**

## 7. Comhaontú Maoirseachta agus Comhaontú Seachadta Feidhmíochta 2023

Thug an Ceannasaí Airgeadais-CRO, Kathleen Ruane, breac-chuntas ar an bpáipéar ábhartha Boird.

Maidir leis an gComhaontú um Sheachadadh Feidhmíochta 2023, phléigh an Bord an Clár 'Sábháilte le Cruthú' leis an Stiúrthóir agus leis an gCeann Airgeadais-CRO, i bhfianaise bheartais agus nósanna imeachta reatha NLI.

**D'fhaomh an Bord Comhaontú Maoirseachta 2023 agus thug sé Comhaontú Seachadta Feidhmíochta 2023 dá n-aire.**

## 8. Cur i láthair: Forbhreathnú ar chumarsáid agus margaíocht, agus ar an suíomh gréasáin nua

Rinne an Ceannasaí Cumarsáide agus Forbartha, Liz Coffey, cur i láthair maidir lena rannóg agus obair na rannóige sin i ndáil le cumarsáid, margaíocht agus an suíomh gréasáin nua atá le teacht i bhfeidhm ar an 7 Márta 2023.

D'fhreagair an Ceannasaí Cumarsáide agus Forbartha ceisteanna ón mBord maidir le turais laistigh de NLI; [redacted]; an taispeántas 'Daoine agus Áiteanna' sa Chartlann Náisiúnta Ghrianghrafadóireachta; agus an Plean Cumarsáide agus Margaíochta 2023-2026 atá beartaithe.
Chomh maith leis sin, d'fhreagair an Ceannasaí Cumarsáide agus Forbartha ceisteanna ón mBord maidir le suíomh gréasáin nua NLI, poiblíocht i nGaeilge san áireamh; obair iarfhorbartha a bhaineann le feidhmiúlacht, ábhar, físeáin agus taispeántais ar líne; tástáil ar inrochtaineacht, feidhmiúlacht agus inúsáidteacht an tsuímh gréasáin don fhoireann agus don phobal; agus téacs tosaigh faoi NLI a chur leis i dteangacha náisiúnaigh neamh-Éireannacha atá ina gcónaí in Éirinn.

Thug an Bord dá n-aire go bhfuil sé beartaithe ag an gCeannasaí Cumarsáide agus Forbartha Plean Tiomsaithe Airgid agus Forbartha a fhorbairt in 2023. Rinne an Bord athbhreithniú ar bhranda

corparáideach NLI a phlé leis an gCeann Cumarsáide agus Forbartha, mar ábhar spéise don Bhord.

Mhol an Cathaoirleach an fhoireann Cumarsáide agus Forbartha agus an obair a dhéanann siad.

**Thug an Bord cur i láthair an Cheannasaí Cumarsáide agus Forbartha dá n-aire.**

## 9. Cásanna Gnó

### 9.1 Cumarsáid agus Forbairt: Seirbhísí Aistriúcháin Gaeilge

Rinne an Ceannasaí Cumarsáide agus Forbartha cur síos ar an bpáipéar ábhartha Boird agus luaigh sé ardleibhéal sásaimh leis an tseirbhís atá á cur ar fáil.

**Cheadaigh an Bord an conradh (dar dáta an 9 Meán Fómhair 2022) a bronnadh ar Snasta Teoranta chun Seirbhísí Aistriúcháin Gaeilge a sholáthar faoi Chreat na hOifige um Sholáthar Rialtais ar feadh 12 mhí, agus rogha leis athnuachan a dhéanamh ar na téarmaí agus coinníollacha céanna ar feadh thréimhse breise 12 mhí [redacted].**

### 9.2 Bailiúcháin Speisialta: Tionscadal Catalógaithe Pháipéir Theaghlaigh Yeats

Thug an Stiúrthóir breac-chuntas ar an gcás gnó ábhartha, thar ceann Choimeádaí na mBailiúchán Speisialta, Colette O'Flaherty.

**D'fhaomh an Bord Mion-iarratas ar Thairiscintí, faoi Bheart 1, (Cruthú Meiteashonraí, Dearbhú Cáilíochta, agus Feabhsú) den Chreat Seirbhísí Bainistíochta Bailiúcháin 2022-2026, a eiseofar le haghaidh Seirbhísí Catalógaithe, ar feadh thréimhse 42 seachtain dar tús Ráithe 2, 2023 chun Páipéir Theaghlaigh Yeats a shórtáil, a athlonnú agus a chatalógú, agus meiteashonraí a chruthú lena ndigitiú.**

**9.3 Cúrsaí Airgeadais: Sainseirbhísí Comhairleoireachta um Sholáthar**

Thug an Ceannasaí Airgeadais-CRO breac-chuntas ar an gcás gnó ábhartha agus d'fhreagair sí ceisteanna ón mBord maidir le leithdháileadh buiséid agus oiliúint foirne.

**D'fhaomh an Bord Iarratas ar Thairiscintí le heisiúint faoi Chóras Ceannaigh Dinimiciúil na hOifige um Sholáthar Rialtais chun Seirbhísí Comhairleoireachta Soláthair a Sholáthar do Chomhlachtaí na hEarnála Poiblí in Éirinn ((PAS120F) ID eTenders: 206203) ar feadh tréimhse 2 bhliain, agus rogha ann dhá shíneadh a chur leis, suas le 12 mhí an ceann.**

**9.4 Eastáit:**

**9.4.1** [redacted]

[redacted]

[redacted]

[redacted]

**9.4.2 Seirbhísí Slándála ar Conradh**

Thug an Ceannasaí Eastát breac-chuntas ar an gcás ábhartha gnó.

**D’fhaomh an Bord Iarratas ar Thairiscintí (RFT) le heisiúint faoi chreat na hOifige um Sholáthar Rialtais chun Seirbhísí Slándála (Beart 2) a sholáthar ar feadh thréimhse 2 bhliain, agus rogha ann dhá shíneadh a chur leis, suas le 12 mhí an ceann.**

#### 9.4.3 Conradh Seirbhíse um Bainistíocht agus Stóráil Sheachtrach Taifid Tráchtála

Thug an Ceannasaí Eastát breac-chuntas ar an gcás ábhartha gnó.

**D’fhaomh an Bord faomhadh síneadh a chur leis an gConradh le Glenbeigh Records Management (GRM) ó dháta beartaithe dheireadh an chonartha ar an 10 Meán Fómhair 2021 go dtí an 10 Meán Fómhair 2023** [redacted]

#### 9.4.4 Cás Gnó Eatramhach an Tionscadail Forbartha Caipitil

Thug an Ceannasaí Eastát breac-chuntas ar an gcás gnó ábhartha agus d'fhreagair sé ceisteanna an Bhoird maidir leis na hamlínte a bhaineann le cead an Aire a fháil don chás gnó agus an próiseas cead pleanála; córas nua 'Rialachas agus Oibríochtaí' atá beartaithe ag an Tionscadal; agus ranníocaíocht NLI le cistiúchán an Tionscadail.

**D’fhaomh an Bord an Cás Gnó Eatramhach do Thionscadal Forbartha Caipitil an Sciatháin Thiar (leagan athbhreithnithe).**

## 10. Beartais

### 10.1 Beartas NLI maidir le Taisteal agus Cothú

Thug an Ceannasaí Airgeadais-CRO breac-chuntas ar an dréachtbheartas ábhartha. Thug Ceannasaí Airgeadais-CRO aghaidh ar cheist ón mBord maidir le cibé an

bhféadfaí an dréachtbheartas a leasú chun an toilleadh innill is ísle (suas le 1200c), agus an toilleadh innill is ísle amháin, a cheadú faoi na Rátaí Mótarthaistil d'fhonn tacú le feithiclí glasa, rud a bheadh ag teacht salach ar Chiorclán 16/22 a cheadaíonn trí acmhainn innill. Chomhaontaigh an Stiúrthóir agus an Ceannasaí Airgeadais-CRO teacht ar ais chuig an mBord ag an gcéad chruinniú eile den Bhord, tar éis breithniú breise a dhéanamh ar cheist an gceist sin.

**D'fhaomh an Bord an dréachtbheartas Taistil agus Cothaithe (tag: NLI-PRV2-24).**

**10.2 An Clár 'Sábháilte le Cruthú'**

Thug an Ceannasaí Gníomhach Acmhainní Daonna, Katy Lumsden, breac-chuntas ar an bpáipéar ábhartha Boird.

I gcomhréir lena phlé roimhe sin (féach mír 7 thuas), **thug an Bord dá n-aire agus chuir sé fáilte roimh athbhreithniú na Foirne Ceannaireachta ar an gClár 'Sábháilte le Cruthú', lena n-áirítear an Cód Iompair maidir le beartais agus nósanna imeachta reatha. Thug an Bord dá n-aire freisin go gcuirfear torthaí an phróisis athbhreithnithe faoi bhráid an Bhoird chun bonn eolais a chur faoina chinnteoireacht maidir leis an gCód Iompair um 'Sábháilte le Cruthú' a ghlacadh.**

## 11. Gnóthaí Corparáideacha

### 11.1 Cúrsaí Airgeadais

#### 11.1.1 Cuntais bhainistíochta don bhliain go dtí an 31 Nollaig 2022

Thug an Ceannasaí Airgeadais-CRO breac-chuntas ar an bpáipéar ábhartha Boird.

**D'fhaomh an Bord na dréachtchuntais bhainistíochta don bhliain go dtí an 31 Nollaig 2022.**

**11.1.2 Buiséad Ardleibhéil 2023**

Thug an Ceannasaí Airgeadais-CRO breac-chuntas ar an bpáipéar ábhartha Boird.

**Rinne an Bord dréachtbhuiséad ardleibhéil 2023 a fhaomhadh.**

**11.1.3 Éifeachtacht na rialuithe inmheánacha do 2022 agus dréacht-Ráiteas maidir le Rialuithe Inmheánacha don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022**

**Rinne an Bord athbhreithniú ar éifeachtúlacht rialuithe inmheánacha 2022, ag tagairt d'obair an Bhoird i rith 2022, mar a taifeadadh sna miontuairiscí, ar an ábhar seo agus:**

- **Tuarascálacha ar an Iniúchóireacht Inmheánach: Thug an Bord dá n-aire na Tuarascálacha ar an Iniúchóireacht Inmheánach maidir le (i) Athbhreithniú ar Bhailiúcháin agus Sealbhucháin; (ii) Acmhainní Daonna agus Bainistíocht Daoine; agus (iii) Athbhreithniú Ardleibhéil ar Rialuithe Inmheánacha 2022.**

- **An tIniúchadh Seachtrach agus an Litir don Lucht Bainistíochta: Thug an Bord dá n-aire an Litir don Lucht Bainistíochta arna heisiúint ag gníomhaire Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, Mazars, tar éis an iniúchta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021.**

- **Bainistíocht Riosca: D'fhaomh an Bord an dréacht-Chlár Rioscaí Corparáide (féach 11.2 thíos). Thug an Bord dá n-aire an Clár Riosca don Tionscadal Forbartha Caipitil mar chuid de Chás Gnó Eatramhach an Tionscadail (féach 9.4.4 thuas). Thug an Bord dá n-aire**

**freisin Tuarascáil Bhliantúil XpertDPO maidir le Cosaint Sonraí do 2022.**

- **Tuairisciú an Fheidhmeannais don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus don Bhord i rith 2022.**

- **Tuairisciú an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca don Bhord. Thug an Bord dá n-aire go ndearna an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar éifeachtúlacht rialuithe inmheánacha 2022 ag a chruinniú ar an 10 Feabhra 2022 mar a shonraítear i dtuarascáil Chathaoirleach an Choiste chuig an mBord maidir leis an gcruinniú.**

**Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht rialuithe inmheánacha 2022, d'fhaomh an Bord an dréacht-Ráiteas ar Rialuithe Inmheánacha 2022 don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022.**

I bhfianaise mholadh an CIR, thug an Cathaoirleach dá aire go ndéanfadh an Bord breithniú cuimsitheach ar Chláir Riosca na dTionscadal Forbartha Corparáidí agus Caipitil ag cruinniú Boird amach anseo.

**11.1.4 Sainordú Bainc**

Thug an Ceannasaí Airgeadais-CRO breac-chuntas ar an bpáipéar ábhartha Boird.

**D'fhaomh an Bord an Sainordú Bainc nua ina sonraítear an t-údarás oibríochta agus sínithe. Is féidir le haon bheirt díobh seo a leanas a bheith ina sínitheoirí údaraithe ar sheiceanna: Audrey Whitty (Stiúrthóir); Kathleen Ruane (Ceannasaí Airgeadais - CRO); Liz Coffey (Ceannasaí Cumarsáide agus Forbartha); Eoghan Ó Carragáin (Ceannasaí na mBailiúchán Digiteach).**

**11.2 Bainistíocht Riosca: Clár Riosca Corparáideach**

Thug an Ceannasaí Airgeadais-CRO breac-chuntas ar an bpáipéar ábhartha Boird, ag déanamh tagairt ar leith do na 6 riosca (2.5, 2.6, 2.8, 3.1, 6.1, 6.4) inar mheas an Feidhmeannas go raibh an riosca iarmharach ní b'airde ná an leibhéal inghlactha riosca.

Phléigh an Bord Riosca 1.3 (mar thoradh ar reachtaíocht neamhleor maidir le cóipcheart, d'fhéadfadh bacainní a bheith ar NLI ó thaobh ábhar digiteach a bhailiú) leis an Stiúrthóir agus leis an gCeannasaí Airgeadais-CRO. Chuir Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca in iúl don Bhord go ndéanfadh an Coiste athbhreithniú ar Riosca 1.3 ag an gcéad chruinniú eile den CIR.

**D'fhaomh an Bord an dréacht-Chlár Riosca Corparáideach (leagan mhí na Nollag 2022).**

**12. Séala**

**12.1 an Bhoird**

Thug an Stiúrthóir breac-chuntas ar an bpáipéar ábhartha Boird.

**Thug an Bord údarás do chomhalta ar bith den Bhord séala an Bhoird a fhíordheimhniú lena shíniú nó lena síniú san ord rangaithe seo a leanas: 1. Cathaoirleach, 2. Leas-Chathaoirleach, agus 3. Comhalta boird. Sa chás nach bhfuil an Cathaoirleach ar fáil nó má tá folúntas in oifig an Chathaoirligh, féadfaidh an Leas-Chathaoirleach an séala a fhíordheimhniú. Sa chás nach bhfuil an Cathaoirleach ná an Leas-Chathaoirleach ar fáil, nó má tá folúntas in oifigí an Chathaoirligh agus an Leas-Chathaoirligh, féadfaidh comhalta ar bith den Bhord an séala a fhíordheimhniú.**

**Thug an Bord údarás freisin do bheirt ar bith as na triúr comhaltaí seo a leanas den Fheidhmeannas, ina gcáil mar oifigigh iomchuí den Bhord, séala an Bhoird a fhíordheimhniú lena síniú: An Dr Audrey Whitty,**

**Stiúrthóir; Kathleen Ruane, Ceannasaí Airgeadais-CRO; Colette O'Flaherty, Coimeádaí na mBailiúchán Speisialta agus Príomh-Aralt na hÉireann.**

**12.2 Measúnú seachtrach ar an mBord agus ar Choistí an Bhoird**

Thug an Stiúrthóir breac-chuntas ar an bpáipéar ábhartha Boird.

**Chomhaontaigh an Bord gur cheart do Rúnaí an Bhoird plean gníomhaíochta a dhréachtú i ndáil leis na moltaí atá luaite sa tuarascáil deiridh ar an measúnú seachtrach maidir le héifeachtúlacht an Bhoird agus a Choistí.**

**Ar iarratas ón mBord, d'aontaigh Rúnaí an Bhoird ceisteanna parlaiminte arna bhfreagairt ag NLI a chur ar ríomhphost chuig an mBord (ceist agus freagra san áireamh) chun críocha faisnéise.**

**13. An chéad chruinniú Boird eile: Déardaoin, 27 Aibreán 2023, 11:00**

**Thug an Bord dá n-aire go mbeadh an chéad chruinniú eile ar siúl Déardaoin an 27 Aibreán 2023 ag 11 r.n.**

**14. Aon Ghnó Eile**

Rinne an Bord plé gairid leis an Stiúrthóir maidir le sainchúram Mhúsaem Grianghraf na hÉireann (an Gailearaí Grianghrafadóireachta roimhe seo) maidir le sainchúram Chartlann Grianghrafadóireachta Náisiúnta NLI.

**15. Am príobháideach**

Rinne an Bord plé gairid ar chúrsaí eagraíochta NLI.

**Chuir an Cathaoirleach deireadh leis an gcruinniú.**